Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2022
(OR. en)

9645/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0168(NLE)**

**MI 433
ENT 75
ECO 46
UNECE 8**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 246 final |
| Ábhar: | Togra le haghaigh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialacháin d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 12, 13, 13-H, 22, 24, 48, 49, 51, 53, 54, 74, 79, 85, 86, 90, 100, 106, 109, 117, 127, 129, 131, 135, 136, 137, 141, 145, 148, 149, 150, 157 agus 162 ó na Náisiún Aontaithe, maidir le togra le haghaidh modhnuithe ar rialacháin nua teicniúil domhanda (RTD) Uimh. 2 ó na Náisiún Aontaithe, maidir le rialachán nua óí na Náisiún Aontaithe maidir le marthanacht feistí rialaithe truaillithe le haghaidh feithiclí dhá roth agus trí roth, maidir le togra le haghaidh rún comhdhlúite nua a bhaineann le líon na gcáithníní sceite sármhíne a thomhas i gcás feithiclí tromshaothair, agus maidir le togra le haghaidh údarú chun leasú 4 ar RTD Uimh 3 ó na Náisiún Aontaithe a fhorbairt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 246 final.

Faoi iamh: COM(2022) 246 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2022
COM(2022) 246 final

2022/0168 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialacháin d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 12, 13, 13-H, 22, 24, 48, 49, 51, 53, 54, 74, 79, 85, 86, 90, 100, 106, 109, 117, 127, 129, 131, 135, 136, 137, 141, 145, 148, 149, 150, 157 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le togra le haghaidh modhnuithe ar rialachán nua teicniúil domhanda (RTD) Uimh. 2 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le rabhadh cúlaithe, maidir le togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le marthanacht feistí rialaithe truaillithe le haghaidh feithiclí dhá roth agus trí roth, maidir le togra le haghaidh rún comhdhlúite nua a bhaineann le líon na gcáithníní sceite sármhíne a thomhas i gcás feithiclí tromshaothair, agus maidir le togra le haghaidh údarú chun leasú 4 ar RTD Uimh 3 ó na Náisiún Aontaithe a fhorbairt**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (WP.29) maidir le modhnuithe ar Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana agus ar rialacháin theicniúla dhomhanda (RTDanna) ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Comhaontú Comhthreomhar

Comhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip ('UNECE') maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantas frithpháirteach i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958') agus an Comhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('Comhaontú Comhthreomhar'), is é is aidhm do na Comhaontuithe sin ceanglais chomhchuibhithe a fhorbairt chun bacainní teicniúla a bhaint i dtaca leis an trádáil i mótarfheithiclí idir páirtithe conarthacha UNECE. Is é is aidhm dóibh freisin a áirithiú go mbaineann ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil le mótarfheithiclí.

Tháinig na Comhaontuithe i bhfeidhm le haghaidh an Aontais Eorpaigh an 24 Márta 1998 agus an 15 Feabhra 2000 faoi seach. Riarann WP.29 an dá cheann acu.

### 2.2. An Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip

Cuireann WP.29 creat uathúil ar fáil chun rialacháin maidir le feithiclí a chomhchuibhiú ar bhonn domhanda. Meitheal bhuan is ea é WP.29 i gcreat institiúideach na Náisiún Aontaithe ag a bhfuil sainordú sonrach agus rialacha sonracha nós imeachta. Feidhmíonn sé mar fhóram domhanda lenar féidir plé oscailte a dhéanamh ar rialacháin maidir le mótarfheithiclí agus maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Chomhaontaithe Chomhthreomhair. Aon bhallstát de chuid na Náisiún Aontaithe agus aon eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíoch, arna bunú ag ballstáit de chuid na Náisiún Aontaithe, féadfaidh sé a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí WP.29 agus a bheith ina pháirtí conarthach sna Comhaontuithe maidir le feithiclí a riarann WP.29. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sna Comhaontuithe sin[1].

---

[1] Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') ( IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).
Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i ndáil le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha (an 'Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

Tagann UNECE WP.29 le chéile trí huaire sa bhliain, i.e. i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna. Chun an dul chun cinn teicniúil a léiriú, féadfaidh WP.29 glacadh leis méid seo a leanas ag gach cruinniú:

Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe;

Rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe;

RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe;

modhnuithe ar rialacháin agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958; agus

modhnuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus ar rúin faoin gComhaontú Comhthreomhar.

Roimh gach cruinniú WP.29, déanann fochomhlachtaí tiomnaithe de chuid WP.29 na modhnuithe sin a phlé ar an leibhéal teicniúil.

Ina dhiaidh sin, is féidir le WP.29 tograí a ghlacadh ar na bealaí seo a leanas:

trí thromlach cáilithe na bpáirtithe conarthacha atá i láthair agus a vótálann ar thograí faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958; nó

trí vóta comhthola na bpáirtithe conarthacha atá i láthair agus a vótálann ar thograí faoi gComhaontú Comhthreomhar.

Roimh gach cruinniú WP.29, bunaítear le Cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na nithe seo a leanas:

rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin ó na Náisiúin Aontaithe; agus

leasuithe, forlíontaí agus ceartúcháin ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar na RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe.

### 2.3. An gníomh WP.29 atá beartaithe

Ón 21 go dtí an 24 Meitheamh 2022, le linn an 187ú seisiún, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh:

tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 12, 13, 13-H, 22, 24, 48, 49, 51, 53, 54, 74, 79, 85, 86, 90, 100, 106, 109, 117, 127, 129, 131, 135, 136, 137, 141, 145, 148, 149, 150, 157 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe;

togra le haghaidh modhnuithe ar rialachán teicniúil domhanda (RTD) ó na Náisiúin Aontaithe Uimh. 2;

an togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le rabhadh cúlaithe;

togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le marthanacht feistí rialaithe truaillithe le haghaidh feithiclí dhá roth agus trí roth;

togra le haghaidh rún comhdhlúite nua maidir le líon na gcáithníní sceite sármhíne a thomhas i gcás feithiclí tromshaothair; agus

togra le haghaidh údarú chun leasú 4 ar RTD Uimh. 3 ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Déanann córas WP.29 comhchuibhiú idirnáisiúnta ar chaighdeáin feithiclí a neartú. Tá ról lárnach ag Comhaontú Athbhreithnithe 1958 maidir leis an gcuspóir sin a bhaint amach. Is féidir le monaróirí an Aontais sraith choiteann de rialacháin chineálcheadaithe a úsáid agus fios acu go n-aithneoidh páirtithe conarthacha go gcomhlíonann a gcuid táirgí an reachtaíocht náisiúnta.

Mar thoradh air sin, bhíothas in ann níos mó ná 50 treoir ón Aontas Eorpach a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 maidir le sábháilteacht ghinearálta mótarfheithiclí agus rialacháin chomhfhreagracha a forbraíodh faoin gComhaontú Athbhreithnithe 1958 a chur in ionad na dTreoracha sin.

Tá cur chuige den chineál céanna i Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Leagtar síos leis forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Ionchorpraíonn an Rialachán sin rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

A luaithe a ghlacann WP.29 togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe nó le haghaidh modhnuithe ar rialachán ó na Náisiúin Aontaithe, cuireann Rúnaí Feidhmiúcháin UNECE an gníomh comhfhreagrach in iúl do na páirtithe conarthacha. Mura ndéanfaidh mionlach blocála de pháirtithe conarthacha agóid laistigh de 6 mhí, tiocfaidh an gníomh i bhfeidhm. Ansin, is féidir le gach páirtí conarthach an gníomh a thrasuí sna rialacha náisiúnta is infheidhme. San Aontas Eorpach, cuirtear an próiseas trasuímh i gcrích nuair a fhoilsítear an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Ní mór seasamh an Aontais a leagan síos i ndáil leis na gníomhartha seo a leanas:

- tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 12, 13, 13-H, 22, 24, 48, 49, 51, 53, 54, 74, 79, 85, 86, 90, 100, 106, 109, 117, 127, 129, 131, 135, 136, 137, 141, 145, 148, 149, 150, 157 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe, chun forálacha a thabhairt cothrom le dáta maidir leis na nithe seo a leanas:
  - meicníocht stiúrtha;
  - coscánú feithiclí troma;
  - coscánú gluaisteán paisinéirí;
  - clogaid chosanta agus scáthláin chosanta;
  - truailleáin infheicthe, cumhacht innill adhainte comhbhrú a thomhas (deatach díosail);
  - suiteáil feistí soilsiúcháin agus feistí solaschomharthaíochta;
  - astaíochtaí ó innill adhainte comhbhrú agus innill adhainte deimhní (GPL agus CNG);
  - torann ó fheithiclí i gcatagóirí M agus N;

[2] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n- aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

- suiteáil feistí soilsiúcháin agus feistí solaschomharthaíochta le haghaidh fheithiclí L3;
  - boinn le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí;
  - suiteáil feistí soilsiúcháin agus feistí solaschomharthaíochta (móipéidí);
  - trealamh stiúrtha;
  - an ghlanchumhacht agus an chumhacht 30 nóiméad a thomhas;
  - suiteáil feistí soilsiúcháin agus feistí solaschomharthaíochta le haghaidh tarracóirí talmhaíochta;
  - páirteanna ionadacha le haghaidh coscán;
  - feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach iontu;
  - boinn le haghaidh feithiclí talmhaíochta;
  - boinn atráchtaithe le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí;
  - friotaíocht rollta bonn, torann rollta agus fliuchghreim;
  - sábháilteacht coisithe;
  - córais fheabhsaithe um shrianadh linbh;
  - ardchórais coscánaithe éigeandála;
  - tuairt thaobhach an chuaille;
  - feithiclí leictreacha de chatagóir L;
  - tuairt tosaigh ina ndírítear ar chórais um shrianadh;
  - córais faireacháin bhrú na mbonn;
  - córais daingniúcháin ISOFIX, daingnithe uachtaracha ISOFIX agus ionaid suí i-Size;
  - feistí solaschomharthaíochta;
  - feistí soilsithe bóthair;
  - feistí ais-fhrithchaiteacha;
  - córais uathoibrithe coimeádta lána; agus
  - baic dhúisithe;
- togra le haghaidh modhnuithe ar RTD Uimh. 2 ó na Náisiúin Aontaithe chun forálacha maidir le timthriall tástála domhanda maidir le hastaíochtaí ó ghluaisrothair;
- an togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le rabhadh cúlaithe;
- togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le marthanacht feistí rialaithe truaillithe le haghaidh feithiclí dhá roth agus trí roth; agus
- togra le haghaidh rún comhdhlúite nua maidir le líon na gcáithníní sceite sármhíne a thomhas i gcás feithiclí tromshaothair.

Tá sé beartaithe ag WP.29 vótáil ar na tograí sin ag an gcruinniú a bheidh aige ón 21 go dtí an 24 Meitheamh 2022.

Ina theannta sin, ní mór seasamh an Aontais a leagan síos maidir leis na nithe seo a leanas:

– togra le haghaidh údarú chun leasú 4 ar RTD Uimh. 3 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le coscánú gluaisrothair a fhorbairt;

– tograí le haghaidh treoirlínte, moltaí agus modhanna tástála nua le haghaidh córais tiomána uathoibríocha;

– tograí le haghaidh forálacha maidir leis an gcibearshlándáil agus le nuashonruithe ar bhogearraí;

– togra le haghaidh leasuithe ar an doiciméad léiriúcháin maidir leis an gcibearshlándáil; agus

– togra le haghaidh leasuithe ar na sonraíochtaí agus treoirlínte feidhme le haghaidh an mhodúil um aitheantóir uathúil.

Ba cheart don Aontas tacú leis na gníomhartha thuas ós rud é go bhfuil siad go hiomlán i gcomhréir le beartas an Aontais maidir leis an margadh aonair i dtaca leis an tionscal gluaisteán agus toisc go bhfuil siad comhsheasmhach le beartais an Aontais maidir le hiompar, aeráid agus fuinneamh.

Tá tionchar an-dearfach ag na gníomhartha sin uile ar iomaíochas thionscal gluaisteán an Aontais agus ar thrádáil idirnáisiúnta. Vóta i bhfabhar na ngníomhartha sin, rachadh sé chun sochair do dhul chun cinn teicneolaíoch, chuirfeadh sé barainneachtaí scála ar fáil, seachnódh sé ilroinnt an mhargaidh aonair agus áiritheodh sé go gcuirfear caighdeáin gluaisteán chomhionanna i bhfeidhm ar fud an Aontais.

Níl saineolas seachtrach ábhartha i gcás an togra seo. Déanfaidh an Coiste Teicniúil um Mótarfheithiclí athbhreithniú ar an togra seo, áfach.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí an nós imeachta

#### *4.1.1. Na Prionsabail*

Luaitear in Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go nglacann an Comhairle cinntí lena leagtar síos ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Áirítear leis an gcoincheap ‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo mar gheall ar na rialacha den dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear leis an gcoincheap ‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach ‘a bhféadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh’[3].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é WP.29 ina bpléann páirtithe conarthacha UNECE cur chun feidhme Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Chomhaontaithe Chomhthreomhair.

---

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Na gníomhartha a iarrtar ar WP.29 a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe laistigh den ghníomh atá beartaithe, beidh siad ina gceangal ar an Aontas. In éineacht le RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus le rúin ó na Náisiúin Aontaithe, beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithicle.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

Féadfaidh dhá aidhm nó dhá chomhpháirt a bheith i gceist le gníomh atá beartaithe, ceann amháin is féidir a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach. Sa chás sin, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bheith bunaithe ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí substainteach leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is é comhfhogasú dlíthe príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 114 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2022/0168 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialacháin d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 12, 13, 13-H, 22, 24, 48, 49, 51, 53, 54, 74, 79, 85, 86, 90, 100, 106, 109, 117, 127, 129, 131, 135, 136, 137, 141, 145, 148, 149, 150, 157 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le togra le haghaidh modhnuithe ar rialachán nua teicniúil domhanda (RTD) Uimh. 2 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le rabhadh cúlaithe, maidir le togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le marthanacht feistí rialaithe truaillithe le haghaidh feithiclí dhá roth agus trí roth, maidir le togra le haghaidh rún comhdhlúite nua a bhaineann le líon na gcáithníní sceite sármhíne a thomhas i gcás feithiclí tromshaothair, agus maidir le togra le haghaidh údarú chun leasú 4 ar RTD Uimh 3 ó na Náisiún Aontaithe a fhorbairt**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle[1], d'aontaigh an tAontas Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'). Tháinig Comhaontú Athbhreithnithe 1958 i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Le Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle[2], d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí

[1] Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') ( IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

[2] Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a bhaineann le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') ( IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

rothacha ('Comhaontú Comhthreomhar'). Tháinig Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

(3) I Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Ionchorpraíonn an Rialachán sin rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 ('rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe') i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 den Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, féadfaidh an Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (WP.29) tograí a ghlacadh le haghaidh modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin ó na Náisiúin Aontaithe agus tograí le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feithiclí a cheadú. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, féadfaidh UNECE WP.29 tograí a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe a dhéanamh ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe nó chun RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus féadfaidh sé tograí a ghlacadh le haghaidh sainorduithe chun RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a shíneadh.

(5) Ón 21 go dtí an 24 Meitheamh 2022, le linn an 187ú seisiún d'Fhóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh: tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 12, 13, 13-H, 22, 24, 48, 49, 51, 53, 54, 74, 79, 85, 86, 90, 100, 106, 109, 117, 127, 129, 131, 135, 136, 137, 141, 145, 148, 149, 150, 157 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe; togra le haghaidh modhnuithe ar rialachán teicniúil domhanda (RTD) ó na Náisiúin Aontaithe Uimh. 2; an togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le rabhadh cúlaithe; togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le marthanacht feistí rialaithe truaillithe le haghaidh feithiclí dhá roth agus trí roth; agus togra le haghaidh rún comhdhlúite nua maidir le líon na gcáithníní sceite sármhíne a thomhas i gcás feithiclí tromshaothair. Thairis sin, tá UNECE WP.29 chun togra a ghlacadh le haghaidh údarú chun leasú 4 ar RTD Uimh. 3 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le coscánú gluaisrothair a fhorbairt.

(6) Beidh na rialacháin ó na Náisiúin ina gceangal ar an Aontas. In éineacht le RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus le rúin ó na Náisiúin Aontaithe, imreoidh siad tionchar cinntitheach ar ábhar dhlí an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithicle. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 a leagan síos maidir le glacadh na dtograí sin.

(7) Chun forbairtí teicniúla agus taithí a léiriú, na ceanglais maidir le gnéithe áirithe a chumhdaítear le Rialacháin Uimh. 12, 13, 13-H, 22, 24, 48, 49, 51, 53, 54, 74, 79, 85, 86, 90, 100, 106, 109, 117, 127, 129, 131, 135, 136, 137, 141, 145, 148, 149, 150, 157,

[3] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n- aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

162 ó na Náisiúin Aontaithe agus Rialachán nua Teicniúil Domhanda ó na Náisiúin Aontaithe (RTD) Uimh 2, is gá na ceanglais sin a leasú, a cheartú nó a fhorlíonadh.

(8) Chun an dul chun cinn teicniúil a léiriú agus chun sábháilteacht feithiclí a fheabhsú agus chun lorg comhshaoil a laghdú, is gá an méid seo a leanas a ghlacadh: rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le rabhadh cúlaithe, RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le marthanacht feistí rialaithe truaillithe le haghaidh feithiclí dhá roth agus trí roth agus rún comhdhlúite nua maidir le líon na gcáithníní sceite sármhíne a thomhas i gcás feithiclí tromshaothair.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí, le linn an 187ú seisiún a thionólfar idir an 21 agus an 24 Meitheamh 2022, is ea vótáil i bhfabhar na dtograí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*